

**An Dréachtstraitéis
Iompair do Mhórchéantar
Bhaile Átha Cliath**
Achoimre Feidhmiúcháin

2022

►► **2042**



Clár Ábhar

CUID A – An Cúlra

1.	Réamhrá agus Comhthéacs	4
2.	Dúshlán na Straitéise	6
3.	Athbhreithniú Beartais	9
4.	Aidhmeanna na Straitéise	9
5.	Cuspóirí na Straitéise	10
6.	Comhairliúchán Poiblí agus Forbairt na Straitéise	11

CUID B – An Straitéis

7.	Pleanáil le haghaidh Modhanna Inbhuanaithe	14
8.	Comhtháthú agus Ionchuimsiú	16
9.	Siúl, Inrochtaineacht agus an Ríocht Phoiblí	18
10.	An Rothaíocht agus Gléasanna Soghluaisteachta Pearsanta	20
11.	An tIompar Poiblí	22
12.	Bóithre	25
13.	Bainistíocht Tráchtá agus Roghanna Taistil	34
14.	Lasta, Seachadadh agus Seirbhísiú	36
15.	Bainistíocht a Dhéanamh ar Ghníomhaíocht ar son na hAeráide	37
16.	Na Chéad Chéimeanna Eile	39
		42



Cuid A

An Cúlra



1. 1. Réamhrá agus Comhthéacs

Tagann an Straitéis Iompair seo do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042 (“Straitéis Iompair” nó “Straitéis”) in ionad na straitéise roimhe, ar cheadaigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag an am é sa bhliain 2016.

Faoi Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, ní mór don Údarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás) an straitéis iompair uaidh a athbhreithniú gach sé bliana. Ag teacht sna sála ar an athbhreithniú ar phlean na bliana 2016, tá breac-chuntas sa straitéis athraithe chun dáta seo ar an gcreat le haghaidh infheistíocht i mbonneagar iompair agus i seirbhísí iompair san fhiche bliain romhainn go dtí an bhliain 2042.

Is gá go léirítear go hiomlán i straitéis iompair a mór-chomhthéacs, a chuimsíonn beartais agus cuspóirí a bhaineann le saincheistanna amhail úsáid talún, forbairt, dáileadh daonra, infheistíocht, inbhuanaitheacht agus gníomhaíocht ar son na haeráide, ar nithe iad a gcinneann gníomhaireachtaí agus údarais eile stáit iad. Dá bhrí sin, forbraíodh an Straitéis Iompair seo chun go mbeadh sí ag teacht leis na beartais phleanála spáis agus na cuspóirí pleanála spáis atá leagtha amach sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach arna glacadh ag Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, rud atá ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus leis an leagan athraithe chun dáta den Phlean Forbartha Náisiúnta a thacaíonn le Tionscadal Éireann 2040. Tá an Straitéis Iompair seo bunaithe freisin ar bheartais náisiúnta i réimse na hinbhuanaitheachta, lena n-áirítear iad sin atá leagtha amach sa reachtaíocht um


ghníomhú aeráide agus um fhorbairt ísealcharbóin agus i bpleananna um ghníomhú ar son na haeráide. Cuireadh an tionchar fadtéarmach a d’fhéadfadh a bheith ag paindéim reatha Covid-19 san áireamh freisin.

Ó glacadh an straitéis iompair roimhe amach, tá an tÚdarás ag obair go crua le raon geallsealbhóirí eile chun tionscadail agus tograí na straitéise sin a chur le chéile agus a fhorbairt. Áirítear iad seo a leanas leis an mórdhul chun cinn a rinneadh le cúig bliana anuas:

- Luas Traschathrach, agus Acmhainn na Líne Glaise a Bhreisiú;
- Tollán Pháirc an Fhionnuisce a oscailt, seirbhísí DART a sholáthar gach deich nóiméad ar fud an lae, agus córas comharthaíochta iarnróid lár na cathrach a uasghrádú;
- Infheistíocht is fiú a lán milliún euro sa Siúl agus sa Rothaíocht, lena n-áirítear faoi chlár Covid-19 agus clár Spreagthaigh sa bhliain 2020;
- Flít méadaithe bus, infheistíocht mhéadaithe sa chlár tuaithe Naisc Áitiúil, Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí agus, rud ba thábhachtaí fós, pleanáil agus forbairt an chlár BusConnects;
- Comhtháthú feabhsaithe idirghníomhaireachta ar leibhéal straitéiseach agus tríd an bpróiseas pleanála; agus
- Forbairt leanúnach an ghréasáin straitéisigh bóithre.

Áirítear na nithe seo leis na torthaí ar chur chun feidhme na Straitéise roimhe:

- Méadú ó 66% (2015) go 72% (2019) i modhanna inbhuanaithe a úsáid le haghaidh taisteal isteach i gCathair Bhaile Átha Cliath ag buaic-amanna na maidine;
- Laghdú ó 65,000 carr (2015) go 58,000 carr (2019) i gcarranna a úsáid chun dul isteach i Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath ag buaic-amanna na maidine;
- Méadú ó 119,000 turas (2015) go 150,000 turas (2019) i dturais laethúla paisinéirí ar sheirbhísí larnród Éireann i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- Méadú ó 120 milliún turas (2015) go 153 mhilliún turas (2019) sa líon iomlán turas paisinéirí ar sheirbhísí bus Limistéar Ceannchathartha Bhaile Átha Cliath;
- Fás ó 35 mhilliún turas (2015) go 48 milliún turas (2019) sa líon iomlán turas paisinéirí ar an gcóras Luas; agus
- Sásamh custaiméirí 87% i measc úsáideoirí iompair phoiblí (2019).




Tá roinnt scéimeanna ón Straitéis roimhe á bhforbairt cheana féin agus tabharfar ar aghaidh iad chuig an Straitéis Iompair nua. Áirítear leo:

- MetroLink – déanfar iarratas ar Ordú Iarnróid sa bhliain 2022;
- DART+ Thiar – déanfar iarratas ar Ordú Iarnróid sa bhliain 2022;
- Luas Fhionnghlaise – críochnaíodh comhairliúchán poiblí ar an mBealach Roghnaithe Éiritheach agus táthar ag súil leis go gcuirfear iarratas ar Ordú Iarnróid isteach sa bhliain 2023/2024;
- Croíchonairí Bus BusConnects Bhaile Átha Cliath – taiscfear an chéad tráinse d'iarratais phleanála leis an mBord Pleanála sa bhliain 2021;
- Gréasán seirbhísí nua BusConnects Bhaile Átha Cliath – cuireadh tús leis an gcur chun feidhme agus leanfar leis ar fud na mblianta 2022 agus 2023 go dtí an bhliain 2024;
- Gréasán rothaíochta – tá mórchlár um leathnú rothaíochta ar siúl faoi láthair, rud lena soláthrófar cuid mhór de bhealaí tosaíochta an ghréasáin rothaíochta atá beartaithe;
- Bealaí Sábháilte chun na Scoile – is é an toradh a bheidh ar an gclár seo, a tosaíodh sa bhliain 2020, go gcuirfear feabhas suntasach ar an timpeallacht iompair inbhuanaithe ag scoileanna agus gar do scoileanna; agus

• Méadú an Fhlít Iompair Phoiblí:

- Soláthrófar 219 gcinn de bhusanna hibrídeacha dhá stór thar na blianta 2020 agus 2021 lena n-úsáid ar sheirbhísí i réigiún Bhaile Átha Cliath;
- Soláthrófar 100 bus lánleictreach dhá stór sa bhliain 2022;
- Soláthrófar suas le 750 ceann de charráistí leictreacha/ceallra-leictreacha do DART ón mbliain 2025 amach; agus
- Soláthrófar 41 cheann eile de charráistí iarnróid Idirchathrach sa bhliain 2022, agus acmhainn bhreise iarnróid á soláthar i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.



2. Dúshlán na Straitéise

Le linn straitéis réigiúnach iompair a fhorbairt, ní mór raon leathan dúshlán a chur san áireamh. Le linn Aidhm na Straitéise agus Cuspóirí na Straitéise a cheapadh, cuireadh san áireamh athbhreithniú cuimsitheach beartais agus na príomhrioscaí agus na príomhdheacrachtaí atá roimh an iompar i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear:

- An tAthrú Aeráide;
- Téarnamh ó phaindéim Covid-19;
- Freastal ar phatrúin forbartha oidhreacht, go háirithe limistéir fho-uirbeacha a bhfuil ísealdlús acu agus atá spleách ar an gcarr;
- Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath agus lár bailte ar fud an réigiúin a athbheochan, go háirithe faoi threoir ag eispéiris le déanaí le linn phaindéim Covid-19;
- An timpeallacht uirbeach a bhunathrú chun feabhais, lena n-áirítear spás bóthair a athchothromú i bhfabhar modhanna iompair inbhuanaithe mar aon le díriú láidir a leagan ar infheistíocht sa ríocht phoiblí;
- Rochtain do chách a chinntiú, i gcomhréir leis na prionsabail um Dhearadh Uilíoch;
- Freastal ar riachtanais tuaithe trí chreatlach shocheacnamaíoch agus chultúrtha na limistéar tuaithe a aithint, a chosaint agus a fheabhsú;
- Sláinte agus comhionannas a fheabhsú;
- Forbairt eacnamaíoch a chothú; agus
- Scéimeanna iompair a sholáthar

3. Athbhreithniú Beartais

Agus an straitéis iompair seo á hullmhú, chuir an tÚdarás san áireamh raon leathan beartas, treoirlínte, pleananna agus clár de chuid lear comhlachtaí agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Áirítear leo sin Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, an Plean Gnímh don Aeráid 2019, an reachtaíocht a ritheadh le déanaí maidir le gníomhú ar son na haeráide, agus pleananna forbartha ó údaráis áitiúla.

4. Aidhm na Straitéise

Is mar a leanas atá aidhm fhoriomlán na Straitéise Iompair:

“Córas iompair a sholáthar do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath a bheidh inbhuanaithe, inrochtana agus éifeachtach agus lena gcomhlíonfar ceanglais an réigiúin ó thaobh an athraithe aeráide de, lena bhfreastalófar ar riachtanais na bpobal uirbeach agus na bpobal tuaithe, agus lena dtacófar le fás geilleagrach.”



5. Cuspóirí na Straitéise



Timpeallacht Nádúrtha agus Thógtha Níos Fearr

Tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fás geilleagrach trí fheabhas a chur ar na deiseanna atá ag daoine le taisteal le haghaidh oibre nó gnó mar ar gá dóibh agus nuair is gá dóibh, agus tríd an ngluaiseacht éifeachtúil earraí a éascú.



Pobail Nasctha agus Cáilíocht Beatha Níos Fearr

Sláinte agus cáilíocht beatha ár sochaí a bhreisiú tríd an nascacht idir daoine agus áiteanna a fheabhsú, trí roghanna sábháilte comhtháite iompair a sholáthar, agus trí dheiseanna le haghaidh siúil agus rothaíochta a mhéadú.



Geilleagar Inbhuanaithe Láidir

Timpeallacht níos fearr a chruthú agus ár n-oibleagáidí comhshaoil a chomhlíonadh trí aistriú chuig córas iompair glan lena gcruthófar astaíochtaí ísle, tríd an spleáchas ar an gcarr a laghdú agus tríd an siúl, an rothaíocht agus an úsáid a bhaintear as iompar poiblí a mhéadú.



Córas Ionchuimsitheach Iompair

Córas iompair atá ar ardchaighdeán, cothromasach agus inrochtana a sholáthar, ar córas é lena bhfreastalófar ar riachtanais gach duine sa tsochaí.

6. Comhairliúchán Poiblí agus Forbairt na Straitéise

Chun a chinntiú go mbeadh an pobal gafa leis an Straitéis ó thús, d'ullmhaigh foireann na Straitéise Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta i mí na Samhna 2020. Leagadh béim sa Pháipéar Saincheisteanna sin ar roinnt de na príomhbhreithniúcháin agus na príomhdheiseanna don Straitéis Iompair nua, agus lorgaíodh ionchur an phobail isteach ina forbairt ag céim an cheaptha.

Cuireadh Comhairliúchán Poiblí iomlán ar siúl ansin ón 23 Samhain 2020 go dtí an 22 Eanáir 2021. Iarradh ar an bpobal cabhrú le spriocanna agus cuspóirí na straitéise a fhorbairt agus le riachtanais iompair agus deiseanna iompair a shainaithint. Chun infheictheacht

an Chomhairliúcháin ar an Straitéis a uasmhéadú, tugadh faoi fheachtas fairsing bolscaireachta, áit ar cuireadh fógraí isteach i nuachtáin náisiúnta agus áitiúla, ar craoladh fógraí ar an raidió, ar foilsíodh fógraí ar na meáin shóisialta agus ar baineadh úsáid as fógraíocht lasmuigh ar scáthlár bus.

Fuarthas 4,000 aighneacht san iomlán. Fuarthas an chuid is mó díobh ón bpobal i gcoitinne agus fuarthas 92 aighneacht ó éagsúlacht geallsealbhóirí agus grúpaí. Pléadh sna freagraí ar an gcomhairliúchán lear gnéithe difriúla de na riachtanais iompair ar fud an réigiúin. Bhain roinnt díobh le saincheisteanna an-áitiúil



agus bhain cinn eile le breithniúcháin níos straitéisí. Ar na nithe ba shuntasáí bhí an fhíric go raibh gach freagraí, beagnach, i bhfabhar an spleáchas ar an gcarr príobháideach a laghdú, cé gur luaigh geall le 50% de fhreagrachtaí go raibh sé ar an modh iompair ba thábhachtaí dóibh roimh an bpaindéim.


Rinneadh gach ceann de na haighneachtaí a bhreithniú go cúramach agus a chur san áireamh le linn an Straitéis Iompair a fhorbairt.

Bhí na nithe seo a leanas i gceist le próiseas Forbartha na Straitéise:

- Obair anailíse, lena n-áirítear:
 - Réamh-mheastacháin daonra agus fostaíochta;
 - Staidéir limistéarbhunaithe fhorlíontacha, chun anailís níos mine a sholáthar i limistéir gheografacha áirithe, lena n-áirítear láithreacha fáis áirithe; agus
 - Staidéir fhorlíontacha ar scéimeanna, a bhaineann le tograí bóthair, iarnróid agus meitreo ar leith; agus
- Staidéir earnála, a bhaineann le bearta neamhbhonneagair a bhfuil an tÚdarás freagrach astu agus nach mór a chur san áireamh sa straitéis.

Tá na príomhchéimeanna d’fhorbairt na Straitéise Iompair leagtha amach sa tábla thíos:

Céim	Cúram
1	Cás Úsáide Talún na bliana 2042 a dhéanamh amach
2	Gréasán Idéalaithe Iompair Phoiblí (ceann nach bhfuil aon teorainneacha acmhainne ná minicíochta ann) a thástáil chun an tUaséileamh Féideartha ar an iompar poiblí a dhéanamh amach i ngach cuid de Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath
3	Pacáiste Beart Iompair Phoiblí a fhorbairt chun freastal ar an Éileamh sin
4	Oiriúnacht na mBeart sin a Thástáil ó thaobh na hAcmhainne, na hInmharthanachta agus na hInseachadtachta de
5	Plean Ghréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath, scéimeanna bóithre, pleananna páirceála agus taistil agus tograí eile bonneagair/seirbhíse a chur ar áireamh
6	Pacáiste Beart um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt
7	An Dréachtstraitéis Iompair Deiridh a chur le chéile agus a mheasúnú



Cuid B

An Straitéis



7. Pleanáil le haghaidh Modhanna Inbhuanaithe

Gné ríthábhachtach den phleanáil iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath is ea an t-éileamh ar iompar a bhainistiú sna háiteanna ina bhfuil sé. Dá bhrí sin, is príomhthoisic atá taobh thiar den chineál córas iompair a theastaíonn é an patrún de na háiteanna ina gcónaíonn daoine, ina n-oibríonn siad, ina bhfreastalaíonn siad ar scoil nó ar choláiste agus ina sóisialaíonn siad. Áirítear leis an Dréacht-Straitéis Iompair bearta a mheastar a bheith bunriachtanach má táthar chun comhlíonadh a dhéanamh ar na cuspóirí ardleibhéil a bhfuil i gceist leo forbairt inbhuanaithe a chothú agus pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú go hiomlán. Áitítear leo na nithe seo a leanas:

- Forbairt a chomhdhlúthú, chun a chinntiú go mbeidh níos mó daoine ina gcónaí i ngar do sheirbhísí agus don iompar poiblí agus chun sraoilleáil uirbeach agus comaitéireacht fad-achair a íoslaghdú;
- Forbairt atá dírithe ar an iompar, chun fás ár gcuid cathracha agus bailte a threorú ar bhonn inrochtaineachta;
- Forbairt úsáide measctha, chun achair thaistil idir tithe agus seirbhísí áitiúla a íoslaghdú agus chun beocht na limistéar uirbeach a chinntiú;
- Tréscailteacht Scagtha, chun go mbeidh daoine in ann gluaisteacht thart ar shlí níos fusa de shiúl na gcos agus de rothar ná de charr;
- Scoileanna a fhorbairt ar shlí ina dtacaítear le húsáid iompair inbhuanaithe le haghaidh fhormhór na dturas trí láithreáin chuí a roghnú, trí láithreáin a dhearadh agus tríd an ngréasán iompair a fhorbairt; agus
- Tús áite a thabhairt do thaisteal de shiúl na gcos, de rothar agus d'iompar poiblí ar ghréasáin sráideanna uirbeacha, i dteannta spásanna uirbeacha poiblí ar ardchaighdeán, tríd an bpróiseas um Measúnacht Iompair Limistéarbhunaithe.



Ionad Forbartha Bruachbhailte



8. Comhtháthú agus Ionchuimsiú


Oibríonn an t-iompar ceannchathartha agus an t-iompar réigiúnach mar ghréasán. Níl an gréasán chomh láidir ach lena nasc is laige, agus is gá go bhfuil daoine in ann athrú go réidh ó mhodh amháin chuig modh eile. Cuimsítear i gComhtháthú Iompair freisin an dóigh a nascann na gréasáin iompair phoiblí agus rothaíochta chuig saoráidí móra eile amhail stáisiúin mhóra iarnróid, Port Bhaile Átha Cliath agus Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ag an deireadh ar fad, baineann Comhtháthú Iompair leis an bhfíric go n-oibríonn an córas iompair i gcomhthéacs na mórnorm sóisialta agus cultúrtha atá le sonrú go mór sa réigiún cathrach.

Áirítear leis an Straitéis Iompair raon beart a forbraíodh chun tacú leis an gcuspóir uileghabhálach um chóras iompair chomhtháite, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:


- A chinntiú go gcuirfear riachtanais na modhanna iompair uile san áireamh le linn scéimeanna iompair a phleanáil agus a dhearadh;
- A chinntiú go gcuirfear riachtanais na n-úsáideoirí uile san áireamh le linn scéimeanna na Straitéise Iompair a chur chun feidhme, chun gur lán-inrochtana, sábháilte agus ionchuimsitheach a bheidh an bonneagar iompair, feithiclí, faisnéis do phaisinéirí agus saoráidí coimhdeacha;
- Saoráidí Páirceála agus Taistil in áiteanna cuí ar an ngréasán iompair, mar aon le saoráidí cómhálartaithe

ar ardchaighdeán chun soláthar a dhéanamh d'aistriú sábháilte, áisiúil agus réidh paisinéirí idir modhanna;

- Struchtúr athbhreithnithe táillí agus Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile chun aistriú réidh a éascú ag pointí cómhálartaithe, agus breithniú a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh Soghluaisteacht ar Éileamh a imirt i gcóras iompair Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath;
- Leanúint le cláir um athrú iompraíochta amhail Clár na nÁiteanna Oibre Taistil Níos Cliste, Clár na gCampas Taistil Níos Cliste agus Clár Taistil na Scoileanna Glasa chun tacú leis an aistriú i dtreo iompar inbhuanaithe in áiteanna oibre agus oideachais;
- Seirbhís éifeachtúil éifeachtach tacsáí a sholáthar do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath trí spás breise cuí stad tacsaithe a sholáthar i mbailte agus cathracha, trí athbhreithnithe leanúnacha a dhéanamh ar an uastáille, trí shaoráidí leasa tiománaithe a sholáthar, agus trí úsáid feithiclí astaíochtaí ísle agus nialasacha a dhreasú; agus
- Seirbhísí iompair agus bonneagar iompair ar thaobh na talún lena bhfreastalaítear ar phoirt agus ar aerfoirt a sholáthar.



Straitéis páirceála agus taistil don GDA



Conair	Uimhir ar an léarscáil straitéiseach	Cineál P & R	An méid spásanna atá i gceist
A (M1/N1)	1	Bus/Metro	1000
B(i) (M2/N2)	2	Bus	350
	3	Luas	350
B(ii) (M3/N3)	4	Iarnród	1200
	5	Iarnród	400
C (M4/N4)	6	Bus	500-600
	7	Iarnród	1000 (500 Ar dtús)
D (M7/N7)	8	Bus	500
	9	Iarnród	1000
F (M11/N11)	10	Bus	200
	11	Bus	600
	12	Bus	400
	13	Iarnród	1000


9.9. Siúl, Inrochtaineacht agus an Ríocht Phoiblí

Is coisithe le linn cuid éigin dá dturas ar a laghad iad an chuid is mó de dhaoine a thaistealaíonn. Dá bhrí sin, is ábhar ábharthachta ginearálta é soláthar leordhóthanach do choisithe. Ba cheart gréasán siúil ar ardchaighdeán a bheith sábháilte, comhleanúnach, díreach, tarraingteach agus compordach. Sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (an Lámhleabhar Deartha), tá breacchuntas ar conas ba cheart an gréasán bóithre a dhearadh chun freastal ar riachtanais na gcoisithe.

Is leagtha amach sa Straitéis Iompair atá raon beart a gcuirfidh an tÚdarás iad chun feidhme agus a dtacóidh sé leo ar fud Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath i gcomhar le húdaráis áitiúla thar thréimhse feidhme na Straitéise Iompair. Áireofar leo:

- A chinntiú go bhfreastalóidh saoráidí coisithe ar ardchaighdeán ar gach limistéar uirbeach, agus ar bhealaí tábhachtacha coisithe ar a n-imill, trí scéimeanna feabhsaithe cosán a chur chun feidhme, trí chláir oiriúnacha chothabhála a fhorbairt agus trí chosáin nua a sholáthair nuair is gá;
- Clár um leasuithe acomhail, lena n-áireofar slioslánaí a bhaint, gathanna tiontaithe níos doichte a thabhairt isteach chun feithiclí a mhoilliú, pointí trasnaithe breise a sholáthar, agus athruithe a dhéanamh ar shoilse tráchtá, lena n-áireofar agaí glasa níos faide do choisithe;

- Tacú le córais aimsithe bealaigh agus lena gcomhtháthú isteach in aipeanna planála turais chun feabhas a chur ar inléiteacht na limistéar uirbeach do chónaitheoirí agus do chuairoteoirí araon;
- Sráideanna atá áirithithe do choisithe a sholáthar i lár bailte i gcás go rachaidh sé sin chun tairbhe don iompar agus don gheilleagar áitiúil; agus
- A chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais na gcoisithe uile, lena n-áirítear na daoine sin a bhfuil laguithe soghluaisteachta orthu nó a bhfuil cathaoir rothaí nó bugaí acu, le linn scéimeanna iompair a dhéanann difear don timpeallacht coisithe a sholáthar.





10. An Rothaíocht agus Gléasanna Soghluaisteachta Pearsanta

Is airde leibhéil rothaíochta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus sa tír ar fad anois ná mar a bhí siad ag pointe ar bith le 30 bliain anuas. De bharr an fháis shuntasaigh agus an éagsúlaithe shuntasaigh sa rothaíocht atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas ó thaobh an raoin daoine a dhéanann rothaíocht de, ó thaobh na gcúiseanna a ndéanann siad rothaíocht de agus ó thaobh an chineáil rothair de, teastaíonn bonn láidir beartais agus cistiú leordhóthanach chun go leanfar leis na treochnaí sin. Cé gur soláthraíodh roinnt scéimeanna ar ardchaighdeán ar fud an réigiúin, is gá fós gréasán comhleanúnach a fhorbairt lena nascfar pointí tosaithe agus cinn scríbe agus lena bhfreastalófar ar thurais laistigh de phobail. Maidir le Pleanáil Gréasáin, Dearadh Bonneagair, Saoráidí Páirceála Rothar agus Scéimeanna Comhroinnte Rothar, is príomhghnéithe iad uile de thimpeallacht atá cuimsitheach agus ionchuimsitheach agus a thacaíonn le rothaithe, agus cuimsítear sa Straitéis Iompair bearta a bhfuil mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin, lena n-áirítear na riachtanais seo a leanas:

- Gréasán rothaíochta a bheidh sábháilte, cuimsitheach, tarraingteach agus inléite a sholáthar i gcomhréir leis an leagan athraithe chun dáta de Ghréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath, agus caighdeán cuí seirbhíse á sholáthar do gach úsáideoir;
- Straitéisí páirceála rothar poiblí a bheith á n-ullmhú ag


údarais áitiúla agus ag gníomhaireachtaí eile, agus saoráidí páirceála rothar ar ardchaighdeán a sholáthar ag pointí tosaithe agus ag cinn scríbe, agus freastal á dhéanamh ar an speictream iomlán rothaithe;

- Cabhrú le gnáthrothair a iompar ar gach carráiste iarnróid nuafhaighte (i.e. le linn thréimhse feidhme na straitéise seo) DART, Comaitéireachta agus Idirchathrach a oibríonn i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- Gréasán struchtúrtha scéimeanna comhordaithe comhroinnte rothar a fhorbairt, lena n-áirítear scéimeanna comhroinnte rothar leictreach a sholáthar de réir mar is cuí agus socruithe idir-inoibritheachta idir scéimeanna comhroinnte rothar a sholáthar laistigh de Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, a d'fhéadfaí a bhunú ar Thicéadú na Chéad Ghlúine Eile; agus
- Faireachán a dhéanamh ar threochnaí éiritheacha sa tsoghluaisteacht phearsanta agus freagairt dá réir.





Sliocht ón leagan athraithe chun dáta de Ghréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath





11. An tIompar Poiblí

Tá tuiscint a ghnóthú ar ghné na hacmhainne den iompar poiblí ina chuid thábhachtach de thuiscint a ghnóthú ar an gcur chuige a ghlacfaidh an tÚdarás i leith bonneagar iompair poiblí agus seirbhísí iompair poiblí a sholáthar. De réir mar a mhéadaíonn an daonra, athróidh an t-éileamh ar thaisteal ó gach cuid den chathair agus den réigiún, agus athróidh an tairiscint iompair poiblí chun freastal ar an éileamh athraitheach. Idir an gearrthearma agus an meántearma, soláthrófar gréasán cuimsitheach bus, i dteannta iarnróid éadroim ar chonairí áirithe atáthar ag pleanáil le roinnt mhaith blianta anuas.

Tráth dheireadh thréimhse feidhme na straitéise, méadófar acmhainní iompartha na láithreacha eile sin inar mó an t-éileamh ar thaisteal ná acmhainn na ngnáthsheirbhísí bus. Déanfar amhlaidh trí aistriú chuig córais bus a bhfuil acmhainn níos airde acu. San fhadtearma, agus tar éis na bliana 2042, is féidir go mbeidh an t-éileamh tuartha ar roinnt bheag de na conairí sin ina údar le modhanna acmhainne níos airde a sholáthar ar na bealaí sin, go háirithe iarnród éadrom.

Cuimsítear sa Straitéis Iompair bearta uileghabhálacha a bhfuil mar aidhm leo soláthar straitéis iompair poiblí an Údaráis ina hiomláine a chumasú. Áirítear leo:

- A chinntiú go ndéanfar an bonneagar láithreach iompair poiblí agus an flít láithreach iompair poiblí a chothabháil de réir ardchaighdeán agus go n-athnuafar iad ag an am cuí;
- A chinntiú go ndéanfar an bonneagar iompair poiblí nua

ar fad a dhíonadh ar na tionchair a d'fhéadfadh teacht as an athrú aeráide; agus

- Ullmhú a dhéanamh ar straitéis um athléimneacht an iompair phoiblí do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath.

Is leagtha amach thíos atá na bearta atá sonrach don mhodh atá ar áireamh sa Straitéis Iompair.

Bus

Iompraíonn Gréasán Bus Limistéar Bhaile Átha Cliath an céatadán is airde de thurais iompair phoiblí i Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus leanfar leis an staid sin ar fud thréimhse feidhme na Straitése Iompair. Chun tacú leis an modh tábhachtach sin, moltar raon leathan beart sa straitéis. Áirítear leo:

- An clár BusConnects a chur chun feidhme ina iomláine, lena n-áirítear Gréasán Seirbhíse Bus nua Limistéar Bhaile Átha Cliath agus, faoi réir toilithe reachtúla a fháil, an 12 Scéim Croíchonairí gathacha Bus;
- Meastóireacht a dhéanamh ar an ngá le tosaíocht bhreise ar chonairí gathacha, agus an tosaíocht bhreise sin a sholáthar, agus feabhsuithe suntasacha a chur ar chuarsheirbhísí bus trí mhinicíochtaí méadaithe agus trí bhearta tosaíochta bus de réir mar is gá;
- Faireachán leanúnach a dhéanamh ar an éileamh ar sheirbhísí bus i Limistéar Bhaile Átha Cliath, agus an gréasán seirbhíse a bhreisiú nó a leasú de réir mar is cuí;
- Feabhas a chur ar eispéireas paisinéirí trí leanúint de stadanna agus scáthláin bus a chur i bhfeidhm agus trí libhré aonfhoirmeach bus a sholáthar do gach bus i Limistéar Bhaile Átha Cliath;

- Feithiclí bus a bhfuil acmhainn níos airde acu a thabhairt isteach ar Chroíchonairí cuí BusConnects chun na hacmhainní iompartha paisinéirí a mhéadú sna céimeanna deiridh de thréimhse feidhme na Straitése Iompair;
- Tacú leis an aistriú atá á dhéanamh cheana féin ar fhliot busanna Limistéar Bhaile Átha Cliath ina fheithiclí astaíochtaí ísle faoin mbliain 2035, agus féachaint leis an bhfliot réigiúnach busanna agus cóistí a aistriú ina bhfeithiclí astaíochtaí ísle nó nialasacha ar aon dul le teicneolaíochtaí éiritheacha agus leis na cineálacha feithiclí atá ar fáil;
- Leibhéil bhreisithe tosaíochta bus a sholáthar ar na Croíchonairí Réigiúnacha Bus agus sna bailte agus sráidbhailte i Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath a bhfreastalaíonn bealaí réigiúnacha bus orthu; agus
- Feabhas a chur ar an tairiscint iompair phoiblí i gcodanna tuaithe de Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath tríd an gclár 'Éire a Nascadh' agus tríd an gclár Naisc Áitiúil.



Croíchonairí Bus BusConnects Bhaile Átha Cliath



1.	Clongriffin go Lár na Cathrach
2.	Sord go Lár na Cathrach
3.	Baile Munna/Fionnghlas go Lár na Cathrach
4.	Baile Bhlainséir go Lár na Cathrach
5.	Leamhcán go Lár na Cathrach
6.	Gleann na Life go Lár na Cathrach
7.	Tamhlacht/Cluain Dolcáin go Lár na Cathrach
8.	Camaigh Lár na Cathrach
9.	Teach Mealóg/Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach
10.	Bré go Lár na Cathrach
11.	Belfield/An Charraig Dhubh go Lár na Cathrach
12.	An Rinn go Lár na Cathrach

Iarnród Éadrom

Chun freastal ar na hardleibhéil éilimh atá ann cheana ar chonairí áirithe agus chun aghaidh a thabhairt ar an bhfás tuartha ar éileamh tráth dheireadh thréimhse feidhme na Straitéise, ullmhaíodh sraith beart a bhaineann leis an iarnród éadrom.

Tá sé beartaithe toiliú pleanála a iarraidh le haghaidh MetroLink go luath sa bhliain 2022 agus, faoi réir ceadú a fháil, tá sé beartaithe dul ar aghaidh le tógáil an tionscadail ansin.

Faoi réir na toilithe riachtanacha a fháil, soláthrófar na línte Luas seo a leanas le linn thréimhse feidhme na Straitéise:


- Líne Ghlas Luas a shíneadh ó thuaidh go Fionnghlas;
- Líne Ghlas Luas a shíneadh ó dheas chun freastal ar Bhré agus an Limistéar Máguaird;
- Líne Dhearg Luas a shíneadh go dtí an Poll Beag, faoi réir an mheasúnaithe ar an éileamh tuartha ar thaisteal; agus
- Líne iarnróid éadroim, a fhorlíonfaidh agus a chomhlánóidh an córas bus atá beartaithe, a sholáthar ó Leamhcán go Lár na Cathrach.

Sainaithníodh línte breise Luas lena soláthar am éigin tar éis na bliana 2042.

Déanfar uasghráduithe ar línte láithreacha Luas freisin, lena n-áireofar:

- Acmhainn mhéadaithe a sholáthar ar Líne Ghlas Luas trí sholáthar a dhéanamh ar fhlít bhreise agus ar an mbonneagar a theastaíonn;
- Stadanna breise a sholáthar ar an Líne Ghlas agus an Líne Dhearg araon in áiteanna inar sainaithníodh riachtanais; agus
- Tosaíocht fheabhsaithe do bhainistíocht tréthrachta Luas chun agaí iontaofa iomaíocha turais a chinntiú, chun éifeachtúlacht seirbhíse a uasmhéadú, agus chun leathnú acmhainne a chumasú ar aon dul leis an éileamh méadaithe sa todhchaí.

I gcás na línte Luas uile atá ann cheana agus a bheidh ann sa todhchaí, cuirfear bearta slándála feabhsaithe chun feidhme ar an ngréasán iarnróid éadroim de réir mar is gá, lena n-áireofar TCI, tuilleadh pearsan slándála agus tuilleadh soilsithe san oíche.





An Gréasán Iarnróid Éadroim atá beartaithe don bhliain 2042



Iarnród Trom

Forbrófar roinnt céimeanna den Chlár DART+ thar thréimhse feidhme na Straitéise, lena n-áireofar:

- Na scéimeanna atá ar bun cheana féin a chur chun feidhme trí sheirbhísí leictirthe a sholáthar go Droichead Átha sa chuid thuaidh agus go Maigh Nuad agus Cill Droichid sa chuid thiar, de bhreis ar leibhéal breisithe seirbhíse a sholáthar go dtí na Clocha Liatha;
- An Clár DART+ a shíneadh chun seirbhísí leictirthe iarnróid a sholáthar go dtí na Solláin/an Nás, Cill Choca, agus Cill Mhantáin, agus breithniú á dhéanamh ar shíneadh breise féideartha, más cuí.

Gan an Clár DART+ a áireamh, áirítear leis an Straitéis na tionscadail bhonneagair seo a leanas:

- Líne iarnróid nua a sholáthar ó Bhealach na Páirce ar an M3 go dtí an Uaimh;
- Stáisiún nua ar an gCabrach, i nGlas Naíon, ag Stáisiún Heuston Thiar, ar an gCoill Mhóir, i Sruthán na Coille agus i limistéir atá suite laistiar de na Solláin, de Dhroichead Louisa agus de Mhaigh Nuad, áit a n-osclofar stáisiún na Ciseoige sa ghearrthéarma de réir mar a fhorbrófar Crios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa; agus
- An tIonad Náisiúnta um Rialú Traenach a chríochnú sa bhliain 2025.

I dtaca le Tollán DART+, déanfar ailíniú a chaomhnú agus a chosaint chun go mbeifear in ann é a sholáthar tar éis

thréimhse feidhme na straitéise, ach é a bheith faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil chun a dhéanamh amach an gá nó nach gá é a chur chun feidhme ar bhonn níos luaithe de bharr patrúin éiritheacha iompair.

Chun feabhas a chur ar an eispéireas paisinéirí, tá sé beartaithe freisin tabhairt faoi chlár oibreacha uasghrádaithe stáisiún, lena n-áireofar athchóiriú agus athnuachan de réir mar is gá. Ag an am céanna, cuirfear bearta slándála feabhsaithe chun feidhme ar an ngréasán iarnróid de réir mar is cuí freisin, lena n-áireofar TCI agus tuilleadh pearsan slándála.



An Gréasán Iarnróid Comhcheangailte atá beartaithe don bhliain 2042





12. Bóithre

Is iad bóithre na príomhartairí iompair ar fud an Stáit. Ní hé amháin go soláthraíonn siad na conairí ar a ngluaiseann carranna, ach soláthraíonn siad na conairí ar a ngluaiseann an t-iompar poiblí (busanna, tacsaithe agus codanna áirithe de Luas), rothaithe, siúlóirí agus iompróirí lasta freisin. Mar sin, tá siad ina gcuid ríthábhachtach de chóras iompair atá éifeachtach agus inbhuanaithe. Ceann de na príomhaidhmeanna atá leis an Straitéis Iompair is ea bealaí iompair de bhóthar atá sábháilte agus athléimneach agus sráideanna atá inchónaithe a sholáthar, agus aird á tabhairt ar an ngá atá ann le tacú le prionsabail forbartha inbhuanaithe agus le gealltanais reachtacha chun an earnáil iompair in Éirinn a dhícharbónú.



Is é a bheidh sa chéad tosaíocht le haghaidh na hinfheistíochta i mbóithre ná an caiteachas a theastaíonn chun an bonneagar bóithre láithreach a chothabháil, a athnuachan, a bhainistiú agus a oibriú. Mar sin féin, is amhlaidh go gcuimsítear sa Straitéis roinnt bheag tionscadal nua bóithre, a dtabharfar fúthu faoi réir iad a bhreithmheas i gcomparáid le beartais agus cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha.

Tá na scéimeanna bóithre seo a leanas ar áireamh sa Straitéis Iompair:

- Bóthar poiblí nua – Bealach Rochtana an Phoirt Theas – rud a nascfaidh leis an ngréasán bóithre náisiúnta ag Tollán Bhaile Átha Cliath chun freastal ar thailte an phoirt theas agus ar na limistéir atá in aice leo;
- Chun athléimneacht an ghréasáin a chinntiú, tá sé beartaithe bealach atá suite ar an ngréasán bóithre láithreach a shainaithint agus a ainmniú chun nascacht dromchla a sholáthar do thrácht feithiclí earraí troma ó Acomhal an M50/ an M1 go Port Bhaile Átha Cliath; agus
- Nasc bóthair cuí a fhorbairt idir bóithre náisiúnta an N3 agus an N4, ar féidir leis a bheith ina bhealach malartach sásúil nuair a thagann fadhbanna chun cinn ar an M50 idir Acomhail 6 agus 7.

Is é a bheadh i gceist le scéim an tSeachbhóthair Thoir ná an M50 a shíneadh ó Thollán Bhaile Átha Cliath go hÁth an Ghainimh, agus cuar-mhótarbhealach iomlán timpeall ar Bhaile Átha Cliath á chríochnú. Cé go dtéann an scéim roinnt mhaith

blianta siar, sainaithníodh in obair measúnaithe nuashonraithe, inar tugadh aird ar bheartais reatha iompair, nach gá í a fhorbairt a thuilleadh. Dá réir sin, níl sé beartaithe dul ar aghaidh leis an tionscadal seo mar chuid den Straitéis Iompair seo.

Faoi réir leanúint le conairí a chur i leataobh le haghaidh Bhealach Rochtana an Phoirt Theas, is féidir na tailte atá curtha i leataobh don scéim seo i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, i Scéim Pleanála Chríos Forbartha Straitéisí an Phoill Bhig agus i bPlean Forbartha Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a eisiúint le haghaidh forbartha. I dtaca leis an gcuid theas, tá an tÚdarás den tuairim gur cheart na tailte idir Bóthar Stigh Lorgan agus Áth an Ghainimh atá curtha i leataobh don scéim seo i bPlean Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chur i leataobh go fóill, ar feitheamh an toraidh ar mheasúnú ar an acmhainneacht atá ann na tailte sin a úsáid mar chonair iompair a fhreastalaíonn ar mhodhanna iompair inbhuanaithe.

De bhreis ar naisc bhóthair chuí a sholáthar chuig limistéir forbartha seirbhíse, soláthraítear leis an Straitéis Iompair do sheachbhóithre a chur chun feidhme timpeall lár bailte, mar aon le saoráidí iompair phoiblí, rothaíochta agus coisithe níos fearr a éascú sa lár lena mbaineann.

Feabhsuithe eile ar charrbhealaí bóthair atá ann cheana, agus scéimeanna áitiúla ar bhóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, soláthrófar iad chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh shábháilteachta agus/nó chun tacú le tograí iompair chomhtháite a fhreastalaíonn ar gach úsáideoir bóithre.



13. Bainistíocht Tráchtta agus Roghanna Taistil

Maidir leis na bearta bonneagair agus comhtháthaithe atá tuairiscithe i rannáin roimhe, ní mór bearta eile a chur leo, ar bearta iad a bhfuil mar aidhm leo bainistiú a dhéanamh ar an tslí ar féidir le trácht gluaiseacht timpeall ar an réigiún agus a bhfuil mar aidhm leo tionchar díreach a imirt ar iompraíocht taistil chun go mbainfear tairbhí iomlána na Straitéise Iompair amach. Chuige sin, áirítear leis an Straitéis Iompair raon beart atá dírithe go sonrach ar thrácht feithiclí príobháideacha a bhainistiú. Áirítear leo na nithe seo a leanas:

- Ar leibhéal ginearálta, soláthar a dhéanamh ar na gréasáin iompair phoiblí, rothaíochta agus siúil agus an ríocht phoiblí, ar nithe iad a theastaíonn chun freastal ar limistéir uirbeacha agus chun téarnamh atá bunaithe ar an iompar inbhuanaithe a éascú tar éis na paindéime;
- Tacaíocht do Luasteorainneacha Athraitheacha a chur chun feidhme ar an ngréasán straitéiseach bóithre mar mhodh le haghaidh corraíl agus plódú a laghdú, agus tacaíocht do luasteorainneacha a laghdú go 30 km in aghaidh na huaire ar bhóithre agus sráideanna uirbeacha, mar aon le bearta comhlántacha amhail Sráideanna Cónaithe, Comharsanachtaí Ísealtráchtta agus Criosanna atá Saor ó Charranna;
- A chinntiú go ndéanfar an seachadadh earraí chuig gnólachtaí i lárionaid uirbeacha agus oibriú tacsaithe a bhainistiú ar shlí a dtéann chun tairbhe do gach duine a úsáideann na limistéir sin;
- Cabhrú leis an bhfás i gcarranna leictreacha trí roinnt beart tiomnaithe, agus soláthar a dhéanamh do ghluaisrothair agus móipéidí a ghluaiseacht agus a pháirceáil;
- Leanúint leis an gclár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil a chur i bhfeidhm agus a leathnú thar thréimhse feidhme na Straitéise; agus
- Sraith beart a bhaineann leis an bpáirceáil, lena n-áirítear:
 - Tacú le cuspóirí a chur ar áireamh i bPleananna Forbartha ó údarais áitiúla ina léirítear caighdeáin pháirceála cónaithe agus caighdeáin pháirceála ceann scríbe mar uasmhéideanna;
 - Tacaíocht d'fhorbairtí cónaithe atá saor ó charranna a sholáthar i láithreacha cuí ar fud Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, agus tacaíocht do thionscnaimh charr-roinnte mar chuid d'fhorbairtí tithíochta nua agus le haghaidh áiteanna oibre;
 - Clár a fhorbairt le haghaidh páirceáil earnála poiblí a laghdú agus a bhaint ó gach láthair oifige i Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath;
 - Moladh nach soláthrófaí aon spásanna páirceála carranna le haghaidh forbairtí tráchtála i Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath;
 - Gur riachtanach a bheidh mórfhorbairtí fostaíochta i ngar do mhór-chómhálartuithe iompair phoiblí nó do Mhoil Soghluaisteachta ar mian leo spásanna páirceála carranna a sholáthar mar chuid den fhorbairt chun an gá leis an bpáirceáil sin a thaispeáint; agus
 - Measúnú a dhéanamh ar an ngá le táillí páirceála a thabhairt isteach ag ionaid mhiondíola ar imeall baile chun an tionchar atá ag an trácht carranna a laghdú.



14. Lasta, Seachadadh agus Seirbhísiú

Réamh-mheastacháin fáis an Chreata Náisiúnta Pleanála agus an t-éileamh gaolmhar ar thithe nua; fás geilleagrach leantach agus deiseanna geilleagracha leantacha; agus an soláthar bonneagair pobail amhail scoileanna, is é an toradh a bheidh orthu le chéile ná go dtiocfaidh méadú ar an ngá le gluaiseacht lasta i Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. Tiocfaidh méadú ar ghníomhaíocht seachadta agus seirbhísithe agus ar ghníomhaíocht bainistíochta dramhaíola freisin.

Cé go gcruthóidh siad dúshlán ó thaobh sábháilteachta, plódaithe agus truailithe aeir agus torainn de, fágfaidh an braisliú gníomhaíochtaí agus an feabhas ar an mbonneagar iompair straitéisigh go mbeifear in ann cineálacha nuálacha cur chuige a ghlacadh chun tionchar na gníomhaíochta lasta a mhaolú agus í a réiteach leis an éileamh/le patrúin éilimh agus leis na riachtanais oibríochtúla a bhaineann le modhanna eile agus le cuspóirí eile turais.

Áirítear leis an Straitéis Iompair bearta a bhfuil mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar phríomhréimsí imní le haghaidh Lasta, Seachadadh agus Seirbhísiú, lena n-áirítear:

- Straitéis le haghaidh Dáileadh Inbhuanaithe Lasta a ullmhú do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar a fhéideartha atá ionaid Tógála agus Lóistíochta i Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus ar a indéanta atá ionaid chomhdhlúthaithe agus saoráidí lasta ghinearálta, chun seachadtaí ag feithiclí níos lú a éascú;
- Sainaithint a dhéanamh ar láithreacha cuí le haghaidh forbairtí atá dian ar lasta lena gcur ar áireamh i bPleananna Forbartha ó údaráis áitiúla;
- Bealaí agus/nó srianta ama atá sonrach d'fheithiclí earraí troma a shainaithint le haghaidh seachadtaí chun éifeachtúlacht na ngluaiseachtaí feithiclí earraí troma a laghdú, agus tionchar na ngluaiseachtaí sin á íoslaghdú ag an am céanna;
- Torthaí na Straitéise 'Lasta Iarnróid 2040' a chur chun feidhme; agus
- Bearta a chur chun feidhme chun tionchar timpeallachta na hearnála lasta a laghdú, lena n-áirítear:
 - Laghdú a dhéanamh ar an líon 'turas míle deiridh' a thógtar le feithiclí inneallghluaiste;
 - Éascú a dhéanamh ar an aistriú i dtreo feithiclí seachadta astaíochtaí nialasacha amhail rothair lasta, feithiclí grianchumhachtaithe agus feithiclí leictreacha; agus
 - Tacú le saoráidí áitiúla 'Clíceáil agus Bailigh' a bhunú, nuair is cuí, chun íoslaghdú a dhéanamh ar an líon turas a thógtar chuig tithe aonair agus chuig áiteanna oibre.



15. Bainistíocht a Dhéanamh ar Ghníomhaíocht ar son na hAeráide

A bhui leis an soláthar méadaithe iompair phoiblí agus leis na saoráidí breisithe rothaíochta agus siúil sna limistéir uirbeacha, cumasófar do roinnt mhaith daoine aistriú chuig modhanna taistil níos inbhuanaithe agus beifear in ann freastal ar chuid mhór den mhéadú tuartha san éileamh ar thaisteal. Ní bhainfear lántairbhí na Straitéise amach, áfach, gan bearta comhlántacha bainistíochta éilimh a chur i gcrích freisin.


Ina theannta sin, tá ceanglas reachtach ann anois a fhágann nach mór do chomhlachtaí poiblí an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, a chur san áireamh le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Rud sonrach, ceanglaítear leis an Acht go mbainfí laghdú iomlán 51% amach in astaíochtaí gás ceaptha teasa thar an tréimhse go dtí an bhliain 2030, i gcoibhneas le figiúr bonnlíne na bliana 2018. Cé nár imdhealaíodh an sprioc fhoriomlán sin ina spriocanna earnála go fóill, tuigtear go mbeidh ar an earnáil iompair an laghdú 51% sin a bhaint amach ina iomláine.



Beidh sé riachtanach athruithe bunúsacha a dhéanamh i réimse an iompair thar an gcéad deich mbliana eile. Gné lárnach de na hathruithe sin a bheidh sa ghá atá ann le méadú a dhéanamh ar an gcéatadán den taisteal a dhéantar de mhodhanna inbhuanaithe agus le laghdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as feithiclí faoi chumhacht peitрил/díosail. Mar sin féin, beidh gá ann le bearta breise bainistíochta éilimh a chur i bhfeidhm chun an soláthar breise iompair atá leagtha amach sa Straitéis a chomhlánú ar mhaithe leis an sprioclaghdú foriomlán 51% a bhaint amach. Cé gur lasmuigh de scóip aon straitéise réigiúnaí iompair atá an-chuid de na hathruithe i réimse an iompair, áirítear leis an Straitéis iompair bearta a thacaíonn leis an sprioc ardleibhéil sin.

Is gá bearta breise bainistíochta éilimh a chur chun feidhme chun an sprioc astaíochtaí iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath don bhliain 2030 a bhaint amach. Déanfaidh an tÚdarás measúnú mionsonraithe chun teacht ar an gcreat is fearr is féidir um bearta bainistíochta éilimh, rud ar dóigh srianta páirceála, táillí criosacha, dolaí breise agus/nó tuilleadh leictriúcháin feithiclí a bheith i gceist leis.

Tá sé mar aidhm le cur chun feidhme na mbeart uile atá leagtha amach sa straitéis seo astaíochtaí gás ceaptha teasa i Mórchéantar Bhaile Átha Cliath a laghdú go níos lú ná 1 MtCO₂eq faoin mbliain 2042.



14. Torthaí na Straitéise



GDA Pop Growth
2016-2042
485,000

Daily Demand for Travel
5.3 million trips

63% Increase
in numbers using
Public Transport

69% Reduction
in CO² emissions

18% Reduction
in Vehicle Kilometres
for Trips to Work

Car Mode Share 2016-2042



58% 2016
49% 2042



21% Reduction
in Travel Time to Dublin
Airport by Bus and Rail




14% Mode Share
for cycling in
Metropolitan Dublin



47% Increase
in Population within 30
Minutes of City Centre
by Bus and Rail



57% Increase
in number of jobs accessible
by bus and rail for
Disadvantaged Areas



16.16. Na Chéad Chéimeanna Eile

Costais agus Céimniú:


I bpraghsanna reatha, is ionann agus thart ar €25 billiún costas caipitil foriomlán na dtograí atá leagtha amach sa Straitéis Iompair. Maidir le cur chun feidhme, is leagtha amach sa Straitéis atá clár céimnithe le haghaidh bonneagar iompair a sholáthar, agus aird á tabhairt ar an dul chun cinn go dtí seo ar scéimeanna atá á bhforbairt cheana féin agus ar an ngá le spriocanna náisiúnta athrú aeráide a chomhlíonadh.

Faireachán:

Chun a chinntiú go mbeidh beartais agus tograí na Straitéise á gcur chun feidhme ar shlí chomhordaithe, éifeachtach agus thráthúil, is bunriachtanas é go gcuirfear clár láidir faireacháin i bhfeidhm. Tá faireachán bunaithe ar na táscairí atá ar fáil a chóimheas, ar táscairí iad lena n-éascófar slata tomhais cainníochtúla agus cáilíochtúla ar threochtaí agus dul chun cinn le himeacht ama a bhaineann le baint amach Chuspóirí na Straitéise. Is próiseas leanúnach é faireachán agus is é an toradh a bheidh ar an gclár go n-éascófar solúbthacht agus tuilleadh beachtaithe na dtáscairí.

Breithniúcháin ar an athbhreithniú ar an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach:

Is leagtha amach sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach reatha atá na beartais úsáide talún agus na toimhdí ar baineadh úsáid astu sa Straitéis seo. Is ceanglas é an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach a athbhreithniú ar bhonn tréimhsiúil, agus beidh sé riachtanach aghaidh a thabhairt sa chéad leagan eile ar na hathruithe a rinneadh le déanaí ar an mbeartas náisiúnta um an athrú aeráide. Anuas air sin, is amhlaidh, mar atá leagtha amach sa reachtaíocht, nach mór an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach a bheith comhsheasmhach leis an Straitéis Iompair, agus deis á tairiscint leis an treo beartais a ailíniú tuilleadh agus leis an úsáid talún agus an phleanáil iompair a chomhtháthú. Chuige sin, is leagtha amach sa Straitéis atá modheolaíocht le haghaidh ionchur cuí a chur isteach san athbhreithniú ar an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, go háirithe maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfaí athruithe ar bheartais úsáide talún agus ar chuspóirí úsáide talún ar gach scála pleanála.



Strategy Phasing

2022-2030

Gréasán Bus Nua Limistéar Bhaile Átha Cliath
BusConnects

Croíchonairí Bus BusConnects

Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile

DART+

Líne Ghlas Luas a Uasghrádú

Gréasán Rothaíochta Mhórchéantar Bhaile Átha
Cliath

Bearta le haghaidh Bainistíocht a Dhéanamh ar
Ghníomhaíocht ar son na hAeráide

Climate Action Management Measures



2031-2042

MetroLink

Luas Fhionnghlaise

Luas Leamhcáin

Luas Bhré

Luas an Phoill Bhig

Seirbhísí Bus a bhfuil Acmhainn Níos Airde acu a
Thabhairt Isteach

Líne Iarnróid na hUaimhe

Síntí DART

Croíchonairí Breise Bus

Línte Breise Luas agus Tollán DART+ a Phleanáil
agus a Dhearadh





National Transport Authority
Dún Scéine
Harcourt Lane
Dublin 2

Údarás Náisúnta Iompair
Dún Scéine
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Tel: +353 1 879 8300

www.nationaltransport.ie